II

*(Gníomhartha neamhreachtacha)*

# RIALACHÁIN

## RIALACHÁN CUR CHUN FEIDHME (AE) 2022/949 ÓN gCOMHAIRLE

**an 20 Meitheamh 2022**

**lena gcuirtear chun feidhme Rialachán (AE) 2016/1686 lena bhforchuirtear bearta sriantacha breise i gcoinne ISIL (Da'esh) agus Al-Qaeda, agus daoine nádúrtha agus dlítheanacha, eintiteas nó comhlachtaí a bhaineann leo**

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2016/1686 ón gComhairle an 20 Meán Fómhair 2016 lena bhforchuirtear bearta sriantacha breise i gcoinne ISIL (Da'esh) agus Al-Qaeda, agus daoine nádúrtha agus dlítheanacha, eintiteas nó comhlachtaí a bhaineann leo ([1]), agus go háirithe Airteagal 4(1) de,

Ag féachaint don togra ó Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) An 20 Meán Fómhair 2016, ghlac an Chomhairle Rialachán (AE) 2016/1686.

(2) I bhfianaise na bagartha leanúnaí ó ISIL (Da'esh) agus ó Al-Qaeda, agus ó dhaoine nádúrtha agus dlítheanacha, eintitis nó comhlachtaí a bhaineann leo, ba cheart triúr agus grúpa amháin a chur le liosta na ndaoine nádúrtha agus dlítheanacha, na n-eintiteas agus na gcomhlachtaí a leagtar amach in Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (AE) 2016/1686.

(3) Dá bhrí sin, ba cheart Rialachán (AE) 2016/1686 a leasú dá réir sin,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

Leasaítear Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (AE) 2016/1686 mar a leagtar amach san Iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán seo.

*Airteagal 2*

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm ar dháta a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

([1]) IO L 255, 21.9.2016, lch. 1.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh i Lucsamburg, 20 Meitheamh 2022.

*Thar ceann na Comhairle*

*An tUachtarán*

J. BORRELL FONTELLES

*IARSCRÍBHINN*

Leasaítear Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (AE) 2016/1686 mar a leanas:

(1) cuirtear na hiontrálacha seo a leanas isteach faoin gceannteideal "A. Daoine nádúrtha dá dtagraítear in Airteagal 3":

"12. Sidan Ag HITTA (dá ngairtear freisin Asidan Ag Hitta, Abd Abu 'al-Hakim, Abu Abdelhakim al-Kidali, Abu Qarwani, Al Qaïrawani, Abou Abdel Hamid Al Kidali); dáta breithe: 1976; áit bhreithe: Kidal, Mali; inscne: fireann; náisiúntacht: Mailíoch.

13. Salem ould BREIHMATT (dá ngairtear freisin OULD ABED Cheikh ould Mohamed Salec, Abu Hamza al-Shanqiti, Abu Hamza al-Shinqiti, Hamza al-Mauritani, NITRIK Hamza, Abu Hamza al-Chinguetti); dáta breithe: 1978 nó 1984; áit bhreithe: Mauritania; inscne: fireann; náisiúntacht: Máratánach.

14. Jafar DICKO (dá ngairtear freisin Jaffar Dicko, Abdoul Salam Dicko, Amadou Boucary, Amadou Boucary Dicko); dáta breithe: 1980 (meastar); inscne: fireann; náisiúntacht: ó Bhuircíne Fasó.";

(2) cuirtear isteach an iontráil seo a leanas faoin gceannteideal "B. Daoine dlítheanacha, eintitis agus comhlachtaí dá dtagraítear in Airteagal 3":

"4. Ansarul Islam (dá ngairtear freisin Ansar al-Islam, Ansarour Islam, Ansaroul Islam, Defenders of Islam, Ansar-ul-islam lil-ichad wal jihad, IRSAD, Ansar ul Islam of Malam Boureima Dicko).".